# Athbhreithniú agus Athfhorbairt Churaclam na Bunscoile

## Tuairisc na bpríomhthorthaí ó thuismitheoirí ar athbhreithniú agus athfhorbairt Churaclam na Bunscoile

NCCA

Iúil 2019

# Clár na nÁbhar

Réamhrá 3

Ag tacú le rannpháirtíocht 4

Dearadh agus modheolaíocht an taighde 7

- Bailiú na sonraí 7
- Eitic an taighde 7
- Anailís na sonraí 8

Léargas ar na torthaí 11

- Céard ar mhaith le tuismitheoirí go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile? 11
- Conas ar mhaith le tuismitheoirí go mbeadh páistí ag foghlaim? 12
- Cén scileanna ar mhaith le tuismitheoirí go bhforbródh páistí? 14
- An bhfuil ábhair ar leith ann atá tábhachtach nó nach bhfuil chomh tábhachtach a thuilleadh do pháistí bunscoile? 15
- Smaointe eile ón gcomhairliúchán 17

Conclúid 20

Tagairtí 21

Aguisíní 22

- Aguisín 1: Cumarsáid tosaigh le scoileanna 22
- Aguisín 2: Foirm maidir le toiliu do ghrúpaí fócais na dtuismitheoirí 25
- Aguisín 3: Ionaid ghrúpaí fócais na dtuismitheoirí 27

# Réamhrá

Tharla céim a haon d'athbhreithniú agus d'athfhorbairt na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) ar an gcuraclam bunscoile in 2017 leis an gcomhairliúchán poiblí faoi 'Struchtúr agus Am an Churaclaim'. Soláthraíodh leis an gcomhairliúchán seo an chéad deis ó foilsíodh *Primary School Curriculum* (*PSC*) in 1999 le céim siar a ghabháil agus machnamh a dhéanamh ar struchtúr an churaclaim agus conas a úsáidtear am trasna an churaclaim. Dírítear le céim a dó, atá ar siúl ó thús 2018, ar dhréachtchreat a fhorbairt le haghaidh curaclaim athfhorbartha. Baineann sraith amháin den obair seo le 44 scoil agus suíomh trasna na tíre trí Fhóram Scoileanna a bhunú. Le chéile, is ionann iad siúd agus éagsúlacht shaibhir na gcomhthéacsanna scoile in Éirinn. Tagann ionadaithe ó na réamhscoileanna agus scoileanna le chéile gach 4-6 seachtain mar Fhóram chun ionchur agus treoir a thabhairt is tionchar a imirt ar threoir athfhorbairt churaclam na bunscoile. Ní hamháin go soláthraíonn an obair le Fóram na Scoileanna saineolas, taithí agus léargas breise ar obair an churaclaim, ach cothaíonn an fóram tacaíocht agus úinéireacht níos mó i measc na bpáirtithe leasmhara freisin. Tá comhpháirtíocht le múinteoirí, tuismitheoirí, páistí agus bainistíocht na scoile ina cuid lárnach den obair seo.


Tá sochair na rannpháirtíochta ag tuismitheoirí san oideachas aitheanta ar feadh tamaill fhada, mar gheall ar líon mór na fianaise go n-éiríonn go maith le páistí ó thaobh oideachais agus na mothúchán nuair a thacaíonn tuismitheoirí le foghlaim agus oideachas a bpáistí agus nuair a bhíonn siad rannpháirteach ann. I rith Dheireadh Fómhair 2018, rith an CNCM fiche seisiún de ghrúpaí fócais le tuismitheoirí páistí a bhí ag freastal ar an mbunscoil. Leagtar amach sa tuairisc seo na torthaí ó na cruinnithe. Deis tosaigh a bhí i gceist le seisiúin na ngrúpaí fócais chun tuismitheoirí a thabhairt isteach i bpróiseas obair athbhreithnithe agus athfhorbartha churaclam na bunscoile ag an CNCM. Tharla sraith seisiún de ghrúpaí fócais na dtuismitheoirí i mí Dheireadh Fómhair 2018 chun oibriú le tuismitheoirí agus a bpeirspictíochtaí ar churaclam athfhorbartha a bhailiú, chomh maith lena moltaí dó. Bhí na tuismitheoirí ina n-ionadaithe ar scoileanna ó chomhthéacsanna difriúla. Soláthraíodh gréasán casta dearcaí agus tuairimí leis an eagsúlacht seo faoi chuspóir oideachas bunscoile agus faoinar chóir don churaclam a dhéanamh do pháistí agus dá bhfoghlaim. Chomh maith le bheith ag cloisteáil ó rannpháirtithe, soláthraíodh deis leis na seisiúin dóibh foghlaim faoi ról agus obair an CNCM freisin san obair leis an gcuraclam bunscoile a athbhreithniú agus a athfhorbairt.

# Ag tacú le rannpháirtíocht

Ag tús na scoilbhliana nua 2018/2019, chuathas i dteagmháil le príomhoidí na mbunscoileanna, bainisteoirí na dtrí réamhscoil agus príomhoide na hiar-bhunscoile i bhFóram na Scoileanna faoin bhféidearthacht seisiún grúpa fócais do thuismitheoirí a reáchtáil ina scoil/suíomh. Iniata leis an ríomhphost freisin bhí litreacha faisnéise do na príomhoidí / bainisteoirí agus do chathaoirligh Chumann / Chomhairle na dTuismitheoirí (Aguisín 1). Soláthraíodh tuilleadh faisnéise faoi réasúnaíocht chruinnithe na ngrúpaí fócais agus faoina raibh i gceist dóibh ag an gcruinniú den Fhóram Scoileanna a réachtáladh an 18[ú] Meán Fómhair. D'aontaigh 20 scoil (féach ar an Léaráid thíos) go fonnmhar le seisiún ghrúpa fócais do thuismitheoirí a óstáil i mí Dheireadh Fómhair. Spreagadh na scoileanna chun cuireadh a thabhairt do thuismitheoirí ó scoileanna eile sa chomharsanacht freisin agus ó réamhscoileanna friothálacha ina gceantar.

Tharla seisiúin ag an am agus ar an dáta ab oiriúnaí do na scoileanna go méadófaí líon na dtuismitheoirí a bheadh ag freastal air a oiread agus ab fhéidir. Tharla roinnt seisiún ar maidin agus tharla cuid eile istoíche. Mhair gach seisiún thart faoi uair an chloig, agus d'éascaigh agus thaifid bhaill Fhoireann Luathóige agus Bunscoile na CNCM an plé. Seisiúin neamhfhoirmiúla a bhí ann sa chaoi go mbeadh idirghníomhaíocht ann idir tuismitheoirí, go n-éisteofaí le gach dearcadh agus go bhfaighfí deis mhaith labhairt faoi chúrsaí (Bell, 2005). Bhí 55 rannpháirti sa ghrúpa fócais tuismitheoirí ba mhó agus bhí cúigear sa ghrúpa ba lú. D'fhreastail thart faoi 400 tuismitheoir san iomlán ar ghrúpa fócais do thuismitheoirí i gcaitheamh thréimse ceithre seachtaine ón 1[ú] Deireadh Fómhair go dtí an 26[ú] Deireadh Fómhair 2018. Léirítear an áit mar a raibh na scoileanna seo lonnaithe sa Léaráid thíos.

**Léaráid: Suíomhanna na seisiún grúpaí fócais do thuismitheoirí**



## Sampla de thvuíteanna a roinneadh tar éis na gcruinnithe

**NCCA** @NCCAie · 16 Oct 2018

Thank you to the parents in St. Colman's Wood Primary School, Roscommon for sharing ideas and hopes for a redeveloped primary curriculum #primarydevelopments



1 3 19

**NCCA** @NCCAie · 11 Oct 2018

Another very successful meeting with parents, this time with Greystones CNS to consider the future of the primary curriculum #primarydevelopments



5 11

**NCCA** @NCCAie · 8 Oct 2018

Thanks to the parents in Creeslough NS and Dunfanaghy NS for taking part in our primary curriculum focus group #primarydevelopments



1 13

# Dearadh agus modheolaíocht an taighde

## Bailiú na sonraí

Leis na ceisteanna sonracha, sampla na sonraí a bailíodh agus modh an taighde, lonnaítear an obair seo le tuismitheoirí laistigh den pharaidím cáilíochtúil. Le taighde cáilíochtúil, bíonn taighdeoirí in ann na coincheapa a imscrúdú go mion agus an tuiscint ar chastacht na gceisteanna a bhaineann le hábhar a dhoimhniú. Caithfear 'oiriúnacht don fheidhm' a léiriú leis an taighde (Cohen, Manion agus Morrison, 2007, lch.460). Ba é an grúpa fócais an cur chuige taighde ar chosúil gurbh é an ceann ab oiriúnaí. Le grúpaí fócais, bíonn bealach bailí á thairiscint chun dearcaí tuismitheoirí ar an gcuraclam bunscoile a bhailiú trí thuismitheoirí a chumhachtú chun labhairt amach faoina dtuairimí. De bharr idirghníomhaíochta idir tuismitheoirí, is féidir léargais a fháil nach bhféadfaí a fháil ar bhealaí eile (Cohen *et al.*, 2007).

Ba é aidhm fhoriomlán na ngrúpaí fócais do thuismitheoirí go bhforbrófaí tuiscint ar céard ar mhaith le tuismitheoirí go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile, conas ar mhaith le tuismitheoirí go mbeadh páistí ag foghlaim, chun féachaint ar na scileanna ar mhaith le tuismitheoirí go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo; agus ar deireadh, chun féachaint ar smaointe agus ar mholtaí tuismitheoirí maidir le hábhair agus réimsí curaclaim. Chun cabhrú leis an bplé a threorú, dréachtaíodh ceisteanna agus seoladh iad ar aghaidh chuig Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Bunscoile) le haghaidh aiseolais. Leagtar sraith dheiridh na gceisteanna amach i dTábla 1 thíos.

**Tábla 1: Ceisteanna taighde do chruinnithe na ngrúpaí fócais**

| | |
|---|---|
| 1. | Céard ar mhaith leat go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile? |
| 2. | Conas ar mhaith leat go mbeadh páistí ag foghlaim? Céard iad na bealaí foghlama is fearr do pháistí dar leat? |
| 3. | Cén scileanna ar mhaith leat go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo? |
| 4. | An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann atá iontach tábhachtach do pháistí i mblianta na bunscoile? |
| 5. | An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann nach bhfuil chomh tábhachtach a thuilleadh do pháistí is a bhí b'fhéidir? |
| 6. | An bhfuil aon rud ann ar mhaith leat go dtabharfaí isteach sa churaclam nach bhfuil ann cheana féin? |
| 7. | An bhfuil aon rud eile ann gur mhaith leat a rá faoi céard agus conas a fhoghlaimaíonn páistí ar an mbunscoil? |

## Eitic an taighde

Soláthraíodh faisnéis do gach tuismitheoir sa ráiteas maidir le toiliú feasach faoi chuspóir an chruinnithe agus faoina mbeadh i gceist leis (Aguisín 2). Iarradh ar thuismitheoirí a dtoiliú feasach a thabhairt chun páirt a ghlacadh sa taighde (Bulmer, 2008). Míníodh go soiléir ag tús gach seisiúin den ghrúpa fócais go raibh rannpháirtithe saor le páirt a ghlacadh ann, diúltú dó nó tarraingt amach as ar fad. Úsáideadh an chuid tosaigh seo den chruinniú freisin chun eolas a thabhairt do thuismitheoirí faoi obair na CNCM san athbhreithniú agus athfhorbairt ar churaclam na bunscoile agus faoi chuspóir na seisiún grúpaí fócais le tuismitheoirí.

## Anailís na sonraí

Sainscagadh agus sintéisíodh aiseolas na dtuismitheoirí ó na seisiúin difriúla, agus na trí phríomhthéama ag treorú an pháipéir seo go díreach. Le próiseas iomlán na hanailíse ar shonraí, b'éigean na sonraí *a eagrú go córasach, a ghrinniú go leanúnach, cur síos a dhéanamh orthu go beacht, teoiric a bheartú ina leith, a léirmhíniú, a phlé agus a chur i láthair* (Ryan, 2006, p.95). Cuireann Braun agus Clarke (2006) próiseas ina bhfuil sé chéim i láthair mar seo a leanas:

1. Eolas a chur ar na sonraí duit féin
2. Cóid tosaigh a ghiniúint
3. Téamaí a chuardach
4. Athbhreithniú a dhéanamh ar théamaí
5. Téamaí a shainmhíniú agus a ainmniú
6. Torthaí a tháirgeadh.

Tháinig cóid chun cinn agus úsáid á baint as na seacht gceist mar fhráma. Cruthaíodh cóid bhreise ansin, agus cuireadh iad i gcatagóirí faoi na ceisteanna. Rinneadh mionchoigeartú breise ar na cóid dá bharr. I rith na coda sin den anailís, b'éigean idirdhealú a dhéanamh idir codanna difriúla de na sonraí agus iad a chónascadh trí phróiseas atriallach aisfhillteach agus maitrís á húsáid, faoi mar a mhol Miles agus Huberman (1994). Bhí an próiseas maidir le bheith ag léamh trí na sonraí, á léirmhíniú agus coincheapa tábhachtacha á sonrú agus á mionchoigeartu ag an am céanna, fíorthábhachtach. D'fhág sin go rabhthas in ann machnamh breise a dhéanamh le fócas ar ghnéithe idirnasctha na rannpháirtithe a bhí i gceist. Ar dheireadh, chabhraigh na cóid tosaigh le téamaí a chinneadh agus a ghiniúint. Cuireadh cóid a bhain le coincheapa comhchosúla i ngrúpaí ansin de réir téamaí suntasacha. Soláthraítear le Táblaí 2-4 thíos eiseamláir de lipéadú na sonraí lena gceanglaítear ceist taighde a haon

leis na sonraí go díreach. I mbabhta a dó, scriosadh cuid de na cóid, nó rinneadh iad a mhalgamú nó a athainmniú. Tugadh faoin bpróiseas atriallach seo le haghaidh na seacht gceist taighde ar fad.

**Babhta a hAon**

**Tábla 2: Céard ar mhaith leat go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile?**

| **Cód** | **Samplaí** |
|---|---|
| Méin | ▪ Comhoibriú, meas, macántacht, iontaoibh, muinín, neamhspleáchas, athléimneacht, inoiriúnaitheacht, féinchreidiúint<br>▪ Grá agus dearcadh maith ar an bhfoghlaim |
| Scileanna Saoil | ▪ Scileanna mothúchánacha agus sóisialta<br>▪ Féinchúram, machnamhacht, frithbhulaíocht, folláine, athléimneacht, féinmhuinín, comhbhá |
| Eitic | ▪ Creat eitice, ní gá go mbeadh sé ina chuid den Oideachas Reiligiúnach<br>▪ Braistint ar an eitic agus ar an oscailteacht; foghlaim a bhith cineálta do dhaoine eile; ag éisteacht; a bheith ionchuimsitheach; oscailte do thuairimí daoine eile |
| Snámh | ▪ Scil an-tábhachtach do pháistí a fhoghlaim<br>▪ Ceist sábháilteachta atá ann agus ba chóir é a mhúineadh ó rang a trí |
| Nósanna sláintiúla itheacháin | ▪ Gá le foghlaim faoi bhia<br>▪ Níos mó faoi bhia sláintiúil, faoi éifeachtaí na gcineálacha difriúla bia, cén bia atá maith ó thaobh cothaithe dóibh |
| Ríomhairí / Teicneolaíocht Faisnéise | ▪ Litearthacht dhigiteach, sábháilteacht ar an idirlíon, scileanna ginearálta TF, scileanna sábháilteachta ar líne |
| *Aistear* | ▪ Tá ag éirí go maith le *Aistear* le páistí óga |
| Corpoideachas | ▪ Fócas níos mó ar an gCorpoideachas agus ní ar spórt amháin |
| Teangacha Nua-Aimseartha | ▪ Ó naíonáin bheaga / ar aois óg<br>▪ Gnéithe cultúrtha maidir le foghlaim teangacha<br>▪ Scileanna teangacha nua-aimseartha<br>▪ Níos mó béime ar theangacha<br>▪ Teanga an todhchaí is ea an Mhandairínis<br>▪ Úsáideacht an taithí ar an dara teanga |

**Babhta a Dó**

**Tábla 3: Céard ar mhaith leat go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile?**

| **Cóid** | **Samplaí** |
|---|---|
| Méin dhearfach | ▪ Aird ar fhorbairt mhéin na bpáistí<br>o Meas<br>o Macántacht<br>o Iontaoibh<br>o Muinín<br>o Neamhspleáchas<br>o Athléimneacht<br>o Inoiriúnaitheacht |
| Teangacha nua-Aimseartha | ▪ Ó aois óg<br>▪ Gnéithe cultúrtha maidir le foghlaim teangacha<br>▪ Scil i dteanga nua-aimseartha<br>▪ Níos mó béime ar theangacha nua-aimseartha<br>▪ Teanga an todhchaí is ea an Mhandairínis |
| Eitic agus luachanna morálta | ▪ Creat eitice, ní gá go mbeadh sé ina chuid den Oideachas Reiligiúnach<br>▪ Oideachas ionchuimsitheach |
| Foghlaim Dhigiteach | ▪ Litearthacht dhigiteach<br>▪ Níos mó fócais ar ríomhairí agus TF bunúsach<br>▪ Ag foghlaim teanga na teicneolaíochta (Cód) |

**Tábla 4: Téamaí a tháinig chun cinn maidir le foghlaim na bpáistí ar an mbunscoil**

| |
|---|
| ▪ Méin dhearfach agus luachanna morálta<br>▪ Teangacha Nua-aimseartha<br>▪ Eitic agus an t-iomchuimsiú<br>▪ Foghlaim Dhigiteach |

# Léargas ar na torthaí

Rinneadh an anailís ar na nótaí allamuigh a bailíodh i rith na ngrúpaí fócais. Cuirtear na príomhthorthaí i láthair faoi théamaí atá nasctha leis na ceisteanna taighde. Ní chuirtear iad i láthair in aon ord ar leith.

## Céard ar mhaith le tuismitheoirí go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile?

**Méin dhearfach**

Thug tuismitheoirí, trasna sheisiúin na ngrúpaí fócais, le fios go láidir gurbh fhearr leo go bhforbródh páistí méin dhearfach agus luachanna morálta. Bhí sé soiléir go raibh daoine ar aon intinn go dteastaíonn go leor deiseanna ó pháistí chun méin ilghnéitheach dhearfach a fhorbairt agus a bhreisiú, a rachadh chun tairbhe dóibh laistigh agus lasmuigh den scoil araon. Is iad seo a leanas na tréithe méine sonracha a luaigh tuismitheoirí: meas, macántacht, iontaoibh, muinín, neamhspleáchas, athléimneacht agus inoiriúnaitheacht. Ba é a dtuairim *gur gá aird a thabhairt ar fhorbairt mhéin na bpáistí go háirithe an athléimneacht agus agus an inoiriúnaitheacht* i gcuraclam athfhorbartha sa chaoi go n-éireoidh le páistí agus go mbainfidh siad iomlán a bpoitéinsil amach.

**Teangacha iasachta nua-aimseartha**

Tháinig go leor plé de bharr na féidearthachta teangacha iasachta nua-aimseartha a chur san áireamh i gcuraclam athfhorbartha. Bhí sé le braistint go láidir i roinnt cruinnithe gur chóir go mbeadh deis ag páistí teanga seachas Béarla agus Gaeilge a fhoghlaim ó aois óg. Mhothaigh roinnt tuismitheoirí go mbeadh eispéireas níos saibhre acu dá nochtófaí iad *do ghnéithe cultúrtha na foghlama teanga* agus dá mbeadh an deis acu *scileanna teangacha iasachta* a fhorbairt. Bhí moltaí soiléire ann go gcuirfí fáilte roimh *níos mó béime ar theangacha iasachta.* Mar a dúirt tuismitheoir amháin, *is é an Mhandairínís teanga an todhchaí* dar leis*.*

**Eitic agus luachanna morálta**

Tugadh roinnt aire agus fócais ar an eitic a chur san áireamh mar chuid d'fhoghlaim na bpáistí. Nuair a luadh é, labhair tuismitheoirí faoi chreat eitice *nár ghá a bheith ina chuid den Oideachas Reiligiúnach.* Rinneadh plé faoi luach na saoránachta agus luachanna na sochaí agus faoi bhealaí ar chóir do pháistí taithí a fháil ar phobal ionchuimsitheach scoile.

**Foghlaim dhigiteach**

Bhí go leor aiseolais ann faoi shuntasacht agus thábhacht na foghlama digití do pháistí. Bhí dearcaí láidre ag tuismitheoirí faoin teicneolaíocht a bheith ina cuid thábhachtach de shaol páistí anois agus amach anseo. Ba mhaith le go leor *níos mó fócais a fheiceáil ar ríomhairí agus ar TF bunúsach.* De bharr cuid de na comhráití faoin teicneolaíocht, tháinig moltaí faoi dheiseanna a bheith á soláthar ag curaclam *go bhfoghlaimeodh páistí teanga na teicneolaíochta (cód).* Léiríodh roinnt imní freisin, cé gur gá glacadh leis an teicneolaíocht dhigiteach le fonn, go gcaithfear a bheith cúramach gan an iomarca béime a chur air *toisc go gcaithfidh páistí fós a bheith in ann ríomhadh a dhéanamh agus rudaí a oibriú amach go neamhspleách.*

## Conas ar mhaith le tuismitheoirí go mbeadh páistí ag foghlaim?

**An Fhoghlaim Ghníomhach**

Chuir tuismitheoirí in iúl go láidir trasna na seisiún gurbh fhearr leo go mbeadh eispéiris foghlama ag páistí a bheidh praiticiúil ach *spraoiúil agus taitneamhach* ag an am céanna. Iarradh go nochtófaí páistí do raon ábhar agus eispéireas foghlama go minic laistigh den seomra ranga agus allamuigh sa timpeallacht áitiúil araon. Táthar ag súil go spreagfadh sin spéis na bpáistí níos mó agus go ndéanfadh a leithéid a n-eispéireas foghlama níos bríomhaire. Chuir tuismitheoirí béim ar an ngá go mbeadh deiseanna ag páistí gluaiseacht timpeall an tseomra ranga rud a thugann le fios go mb'fhéidir *nach mbíonn go leor gluaiseachta fisiciúla ann i rith an lae* faoi láthair.

**Foghlaim i ngrúpaí agus obair thionscadail**

Ar an iomlán, ba é an dearcadh a cuireadh in iúl go dtéann an fhoghlaim i ngrúpaí agus an idirghníomhaíocht lena bpiaraí chun tairbhe do pháistí. Is minic a rinneadh tagairtí do thábhacht an *chomhshaothair* agus an *chomhoibrithe*. Agus fiúntais na foghlama i ngrúpaí á bplé, labhair roinnt tuismitheoirí faoi *ghrúpaí cumais mheasctha agus páistí ag obair le chéile*. Is é an phríomhtheachtaireacht a bhí ag teacht chun cinn *go gcaithfidh páistí foghlaim tron chomhshaothar agus idirghníomhaíochtaí sóisialta.* Chuirfeadh tuismitheoirí fáilte freisin roimh dheiseanna go rachadh páistí i mbun níos mó oibre tionscadail *toisc gur breá le páistí obair a chríochnú i ngrúpaí.* Chuir tuismitheoirí dearcaí dearfacha in iúl faoi *níos mó foghlama bunaithe ar obair thionscadail do bhlianta uachtaracha na bunscoile.* Cuireadh an dearcadh in iúl freisin maidir le hobair thionscadail *go*

*gcumasaíonn sé an úinéireacht agus foghlaim níos féintreoraithe* agus go n-éascaíonn sé le *fócas níos lú ar théacsleabhair.*

**Úsáid bhreisithe as an timpeallacht allamuigh / áitiúil**

Bhí comhráití spéisiúla ann maidir leis an luach a bhaineann le bheith *ag foghlaim lasmuigh den seomra ranga traidisiúnta.* Feiceann tuismitheoirí fíorluach oideachasúil do pháistí a bheith ag fáil deiseanna rialta chun a seomra ranga a fhágáil le haghaidh níos mó *foghlama allamuigh, mar ar féidir.* I mionlach de na comhráití inar tháinig an smaoineamh seo chun cinn, labhair tuismitheoirí freisin faoin aoibhneas agus tábhacht a bhain le siúlóidí dúlra agus le bheith ag foghlaim tríd an dúlra. Bhí dearfacht ann faoi *a bheith ag dul amach níos minice chun an timpeallacht a úsáid mar uirlis.* Feiceann tuismitheoirí go leor deiseanna chun taithí páistí a leathnú amach thar shrianta an tseomra ranga fisiciúil.

**Comhtháthú agus an fhoghlaim de réir téamaí**

Luadh an Comhtháthú agus an fhoghlaim de réir téamaí i roinnt cruinnithe ó thaobh *na bpríomhábhar a bheith níos comhtháthaithe* agus *níos mó foghlama trasna ábhar.* Mhothaigh roinnt tuismitheoirí go dtabharfadh an fhoghlaim de réir téamaí *níos mó saoirse do mhúinteoirí* agus go gcabhródh a leithéid leis na trioblóidí, ó thaobh an iomarca a bheith sa churaclam, a laghdú. Rud a bhí spéisiúil, cuireadh in iúl go sonrach gurbh fhearr an fhoghlaim de réir téamaí le mionlach tuismitheoirí seachas foghlaim bunaithe ar ábhair sna ranganna sóisearacha. Labhair aon tuismitheoir amháin, agus í ag cur síos ar an bhfoghlaim de réir téamaí, *gur mó brí a bhíonn leis.* Nuair a tháinig na coincheapa ó thaobh an chomhtháthaithe agus na foghlama de réir téamaí chun cinn i gcomhráití, rinneadh moltaí gur chóir go mbeadh páistí in ann iad fhéin a thumadh níos doimhne ina bhfoghlaim seachas a bheith ag gluaiseacht ó ábhar go hábhar go tapa. Bhí dearcadh ann freisin go bhfuil deighiltí bréagacha á gcruthú san fhoghlaim de thoradh an iomarca ábhar ar leithligh a bheith ann.

**Ag foghlaim tríd an spraoi**

Bhí téama na foghlama spraoiúla agus páistí a bheith ag foghlaim tríd an spraoi i gceist go láidir i bhfreagairtí ó thuismitheoirí. Chonaic siad go leor buntáistí ag baint leis an bhfoghlaim tríd an spraoi. Bhíothas ag iarraidh níos mó *éispéireas foghlama spraoiúla* agus deiseanna *don fhoghlaim tríd an spraoi sna ranganna níos sine.* Tugadh le fios go stopann an spraoi róluath ar an mbunscoil. Bhí sé soiléir go raibh tuismitheoirí ag iarraidh go mbeadh an spraoi mar bhonn agus mar thaca fhoghlaim na

bpáistí sna ranganna sóisearacha, meánranganna agus sinsearacha. Fuarthas tuairimí dearfacha faoi eispéiris páistí ar *Aistear* freisin.

## Cén scileanna ar mhaith le tuismitheoirí go bhforbródh páistí?

**Scileanna saoil, scileanna idirphearsanta agus inphearsanta**

Cuireadh raon tuairimí in iúl faoin ngná go bhfaigheadh páistí scileanna tábhachtacha saoil a chuirfidh ar a gcumas teacht faoi bhláth sa saol. Ar an iomlán, léiríodh an dearcadh go bhfuil scileanna sóisialta agus mothúchánacha, folláine agus ullmhacht don fhíorshaol criticiúil do gach páiste, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais oideachasúla speisialta acu. Rinneadh moltaí gur chóir mar sin go dtacódh an curaclam bunscoile mar sin le forbairt *fhéinchúram, fhéinmhuinín* agus *féinchreidiúint* na bpáistí. Rinneadh go leor tagairtí do thábhacht na scileanna chun déileáil le dúshláin an tsaoil agus go dteastaíonn solúbthacht ó pháistí ó thaobh dearcaí de. Measadh go raibh scileanna cumarsáide an-tábhachtach freisin agus is minic a iarradh go mbeadh níos mó deiseanna ag páistí le haghaidh díospóireachta agus argóinte, óráidíochta poiblí agus idirghníomhaíochta le daoine eile. Iarradh freisin go bhfoghlaimeodh páistí scileanna praiticiúla mar chniotáil agus fuáil, cócaireacht, clóscríbhneoireacht agus snámh.

**Scileanna chun tacú leis an bhfoghlaim**

Is minic a d'iarr tuismitheoirí go n-áireofaí tuilleadh na scileanna a mhothaigh siad a thacódh le agus a bhreiseodh an fhoghlaim. Is iad seo a leanas na moltaí is minice a rinneadh: scileanna smaointeoireachta criticiúla, scileanna smaointeoireachta cruthaithí, scileanna fuascailte fadhbanna agus scileanna bainistíochta faisnéise. Bhí siad soiléir ina dtuairimí go gcaithfí a bheith iontach soiléir sa churaclam faoi conas agus cá háit i gcuraclam a thacófaí le páistí na scileanna seo, atá níos airde in ord na scileanna, a fháil. Cé gurbh fhiú a thabhairt faoi deara go rabhthas ar aon intinn go láidir faoi na scileanna seo a mhúineadh, is fiú a lua freisin, seachas na scileanna a ainmniú, nár sholáthair tuismitheoirí mórán mionsonraí faoi luach na scileanna sin.

**Scileanna Digiteacha**

Pléadh áit, cuspóir, todhchaí agus luach na scileanna digiteacha i dtromlach na ngrúpaí. Chuir tuismitheoirí tuairimí fabhracha in iúl faoi pháistí a bheith ag foghlaim scileanna ginearálta TF ar an mbunscoil. Cuireadh in iúl go soiléir go gcaithfidh páistí atá ag fás suas san aois dhigiteach glacadh leis an teicneolaíocht le fonn agus ar bhealach sábháilte táirgiúil. Mhol roinnt tuismitheoirí go gcuirfí an códú san áireamh amach anseo agus iad ag tagairt do thaithí a bpáistí ar *CoderDojo,* i gcuraclam athfhorbartha. Mar chuid de thaithí páistí le teicneolaíochtaí digiteacha agus den phróiseas lena nochtar iad do na teicneolaíochtaí sin, mothaíodh gur gá múineadh dóibh conas láithreacht ar an idirlíon a chothabháil go sábháilte agus a bheith feasach ar chontúirtí na cibearbhulaíochta. Rud a léiríodh go coitianta trasna na gcomhráití ab ea imní na dtuismitheoirí do shábháilteacht a bpáistí ar líne.

## An bhfuil ábhair ar leith ann atá tábhachtach nó nach bhfuil chomh tábhachtach a thuilleadh do pháistí bunscoile?

**Béarla agus Matamaitic**

Trasna sheisiúin na ngrúpaí fócais, rinneadh go leor plé ar áit an Bhéarla agus na Matamaitice amach anseo. Cuireadh dearcaí láidre in iúl faoi thábhacht an dá ábhar d'oideachas páistí agus dá ndeiseanna amach anseo sa saol. Bhí tuismitheoirí soiléir *gur gá go mbeadh páistí in ann labhairt agus léamh go maith* agus go bhfuil *an léamh agus an scríobh fós an-tábhachtach agus nár chóir iad a laghdú.* Agus iad ag plé na matamaitice, ba é an dearcadh go raibh an réimse seo *fós an-tábhachtach do thodhchaí na bpáistí* agus gur chóir *go mbeadh sé nasctha leis an bhfíorshaol.*

**Oideachas *STEM* agus Eolaíocht**

Bhí an dearcadh ag go leor tuismitheoirí go rachadh fócas méadaithe ar an oideachas *STEM* agus, go háirithe, ar an eolaíocht sa churaclam bunscoile chun tairbhe do pháistí. Rinneadh roinntí tagairtí don innealtóireacht agus do dheiseanna do pháistí oibriú le *Lego*. Cuireadh in iúl gur chóir an cineál foghlama spraoiúla seo a chothú ó aois óg. Rinneadh moladh freisin gur chóir *níos mó eolaíochtaí nádúrtha a mhúineadh do pháistí.*

**Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus Corpoideachas**

Labhair tuismitheoirí faoi thábhacht an OSPS mar ábhar sa churaclam bunscoile. Go deimhin, iarradh go méadófaí an t-am a leithdháiltear ar OSPS. Iarradh freisin go mbeadh níos mó fócais ann ar mhothúcháin agus chaidrimh laistigh d'Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG): *teastaíonn fócas ollmhór ar chaidrimh san OCG.* Labhair siad freisin faoin tsláinte a chur chun cinn, itheachán sláintiúil agus cothú bia. Rinneadh tagairtí don Chorpoideachas roinnt uaireanta trasna na seisiún. Tháinig tuairimí chun cinn maidir le gá go mbreathnófaí air mar rud ba mhó ná díreach sport. Bhí tacaíocht ann *go gcuirfí tuilleadh béime ar an gCorpoideachas* agus *go gcaithfí níos mó ama a leithdháileadh air.*

**Na hAmharc-Ealaíona agus Ceol**

I gcruinnithe mar ar tharraing tuismitheoirí anuas tábhacht na n-amharc-ealaíona agus an cheoil, d'iarr siad go sonrach go gcoinneofaí iad sa churaclam bunscoile agus go b'fhéidir go n-imreoidís ról níos suntasaí. Mhínigh tuismitheoirí go bhfuil na hábhair seo *tábhachtach chun féinmhuinín a chothú* do phaistí agus taitneamhach freisin. Chuir siad in iúl gurbh é seo an t-aon réimse curaclaim do roinnt páistí as a mbaineann siad fíoraoibhneas agus rath ar scoil. Mhol siad na healaíona a thabhairt isteach trasna an churaclaim mar mhodh foghlama in ábhair eile. Rud a bhí ina ábhar spéise, is fíorbheag tagairt a rinneadh don dráma mar ábhar atá sa churaclam cheana féin. Díríodh an tráchtaireacht go mór ar an luach a bhaineann leis na hamharc-ealaíona agus ceol.

**Ábhar trasna an churaclaim**

Bhí sé dúshlánach do thuismitheoirí réimsí nó ábhair a shonrú nach bhfuil tábhachtach níos mó, ach rinneadh roinnt moltaí go bhfuil an scóip ann chun ábhar a bhaint amach as an gcuraclam trasna go leor ábhar. Tugadh le fios go gclúdaítear go leor den ábhar arís sa tsraith shóisearach agus gur gá go mbeadh an fócas ar scileanna a fhorbairt ar leibhéal bunscoile.

**Gaeilge**

Aithníodh go gcaithfidh ról na Gaeilge i scoileanna a bheith ina chuid de phlé náisiúnta faoi ról na Gaeilge sa tsochaí. Maidir leo siúd a bhí ag ceistiú a róil i gcuraclam athfhorbartha nó go deimhin a mhéid ar chóir an Ghaeilge a bheith san áireamh ann, chuir siad an dearcadh in iúl go bhfuil an Ghaeilge ag dul i léig agus nach labhraítear í go forleathan sa tír. Cé gur aithin go leor an luach a bhaineann leis an dara teanga a fhoghlaim, mhol siad gurbh fhearr an t-am a chaitear ar an nGaeilge a fhoghlaim a chaitheamh ar theanga nua-aimseartha a fhoghlaim. Thug cuid le fios nach mbíonn múinteoirí nach

cainteoirí líofa iad i riocht maith le foghlaim dhíograiseach na teanga a spreagadh. Mhol roinnt eile gur chóir go mbeadh an fócas ar an teanga labhartha amháin agus gur chóir an litriú, agus scríobh a chur i leataobh.

**Oideachas Reiligiúnach**

Taispeánadh leis an anailís ar thorthaí maidir leis an Oideachas Reiligiúnach go raibh speictream dearcaí agus peirspictíochtaí ann idir laistigh de agus trasna chruinnithe na ngrúpaí fócais. Bhí seo fíor trasna gach comhthéacs scoile. Cé gur pléadh an tOideachas Reiligiúnach i bhformhór na gcruinnithe, bhí cásanna ann freisin nár tarraingiodh anuas lena linn é. Chuir roinnt tuismitheoirí tacaíocht in iúl leis an Oideachas Reiligiunach a bheith ina chuid d'eispéireas scoile a bpáistí agus ina chuid d'fhéiniúlacht na scoile. Maidir leo siúd a bhí ag ceistiú áit agus ról an Oideachais Reiligiúnaigh sa bhunscoil, mhothaigh siad gur chóir go mbeadh an fócas ar luachanna agus ar an eitic. É sin ráite, rud a chonacthas go coitianta ab ea go raibh daoine ag déanamh idirdhealú idir foirmiú creidimh agus oideachas reiligiúnach, agus go raibh go leor tuismitheoirí ar aon intinn go raibh an t-oideachas faoi reiligiún cabhrach ach nár chóir go mbeadh sé teoranta d'éiteos scoile aonair agus gur chóir go bhfágfaí foirmiú creidimh mar phróiseas le déanamh sa bhaile. Tarraingíodh ceist anuas freisin faoin am a chaitear ag ullmhú le haghaidh na Sacraimintí is réimsí foghlama eile thíos leis. Admháladh go mbíonn sé deacair do pháistí, a bhfuil creidimh dhifriúla acu nó gan aon chreideamh acu, nuair a cloistear reiligiún á chur i láthair mar fhírinne agus go bhféadfadh eisiamh teacht de thoradh páistí a bheith leithscartha ó phaistí eile. Tugadh le fios freisin go bhféadfadh sé mearbhall a chur ar aon pháiste a bheith ag gluaiseacht *idir córas creidimh agus fíricí eolaíochta.* Bhain go leor den phlé faoi Éire a bheith ina sochaí níos iolraíche, nach raibh creidimh sa lár ann mar a bhí, agus na reifrinn a tharla le déanaí á lua mar shamplaí. Tugadh le fios gur chóir spás a thabhairt do pháistí cinneadh a dhéanamh faoi na rudaí ar mhaith leo creidiúint iontu.

## Smaointe eile ón gcomhairliúchán

Trí bheith ag freagairt do na ceisteanna, ghlac tuismitheoirí an deis labhairt faoi shaincheisteanna oideachasúla ar bhonn níos leithne.

**Féinriail mhéadaithe do scoileanna**

Bhí daoine ann a bhí ag iarraidh féinriail mhéadaithe do scoileanna go háitiúil maidir le solúbthacht ó thaobh eispéiris foghlama páistí a roghnú m.sh. níos mó deiseanna le haghaidh gluaiseachta fisiciúla, am á leithdháileadh trasna lá na scoile le haghaidh na n-eispéireas sin agus am á leithdháileadh le haghaidh sosanna / caithimh aimsire. Chuir roinnt tuismitheoirí airdeall in iúl áfach agus iad ag mothú go raibh an baol ann, dá mbeadh an iomarca féinrialach ag scoileanna, go bhféadfaidís éirí *speisialaithe agus eilíteach.* B'fhearr leo féinriail le treoir agus eiseamláirí toisc go gcaithfeadh gach scoil a bheith ann do gach páiste. Mhothaigh tuismitheoirí freisin gur chóir scoileanna, go háirithe scoileanna beaga nó aonghnéis, a spreagadh le comhoibriú níos mó le scoileanna áitiúla eile chun acmhainní a roinnt agus chun cur ar chumas na múinteoirí bualadh le comhghleacaithe i scoileanna áitiúla eile.

**Ag Aistriú**

Chuir tuismitheoirí imní in iúl maidir le haistriú páistí isteach agus amach as an mbunscoil. Mothaíodh nach raibh go leor leanúnachais agus comhtháthaithe ann trasna na n-earnálacha réamhscoile, bunscoile agus iar-bhunscoile ó thaobh céard agus conas a fhoghlaimíonn páistí. Mhothaigh roinnt tuismitheoirí gur thábhachtach go mbeadh nasc fónta idir *an curaclam bunscoile agus scileanna buntábhachtacha uileghabhálacha na Sraithe Sóisearaí.* Bhí tráchtaireacht cosúil leis sin faoin aistriú ón réamhscoil chun na bunscoile agus gur ghá go léireofaí leis an aistriú sin curaclam lena gcuirtear le taithí an pháiste roimhe.

**Obair bhaile**

Bhain sciar suntasach den phlé le ról na hoibre baile. Cé gur mhothaigh roinnt tuismitheoirí gur chuid luachmhar den fhoghlaim a bhí ann, mhothaigh go leor go n-imríonn sé tionchar diúltach ar chaighdeán saoil a bpáistí. Cé gurbh fhéidir le go leor tuismitheoirí an luach a bhaineann le léamh, litriú agus táblaí a fheiceáil, *bheadh níos lú fócais ar obair scríofa sa bhaile cabhrach.* Bhí obair bhaile ina ceist ar leith do thuismitheoirí páistí le riachtanais oideachasúla sonracha. Rinneadh moltaí ag rá dá mbeadh níos mó brí le hobair bhaile, b'fhéidir go mbeadh sé níos cabhraí. Tugadh le fios freisin gur gnách gur gníomhaíocht gan aon ghníomhartha fisiciúla a bhí i gceist le hobair bhaile. Rinneadh an ráiteas gur chóir do scoileanna cuimhneamh ar chineálacha eile oibre baile chun forbairt scileanna saoil agus gluaiseachta a spreagadh.

**Maoiniú agus acmhainní**

Labhair roinnt tuismitheoirí faoi shocruithe maoiniúcháin do scoileanna agus leibhéal na ranníocaíochta airgeadais a dhéanann siad faoi láthair trí airgead a thiomsú agus síntiúis. Dúradh go láidir go gcaithfear acmhainní, áiseanna agus foirgnimh a sholáthar go mbeadh ar chumas scoileanna díriú ar ghnó na múinteoireachta agus an fhoghlama. Chuir tuismitheoirí an tuairim in iúl, dá laghdófaí an cóimheas idir daltaí agus múinteoirí, go gcabhródh sé sin le heispéireas scoile níos dearfaí a chruthú, *go háirithe sna naíonáin bheaga.*

**Measúnacht**

Bhí fócas ar an measúnacht le moltaí gur chóir go mbeadh níos mó éagsúlachta i gceist leis agus gur gá do páistí a bheith ar an eolas ar gach cineál measúnachta le meas ar a scileanna agus ar a gcumais féin. Rinneadh an moladh go mbíonn páistí rófheasach ar thástálacha caighdeánaithe. Mhothaigh roinnt tuismitheoirí go ndéantar tagarmharcáil rórighin le measúnacht ó thaobh a bhfuiltear ag súil leis maidir le foghlaim agus caighdeáin in ábhair dhifriúla le haghaidh gach leibhéil ranga agus go raibh siad ag iarraidh nach mbeadh an oiread fócais *ar chaighdeáin / ar thástálacha agus níos mó fócais ar mheasúnacht leanúnach, piarmheasúnacht agus féinmheasúnacht.* Mhothaigh tuismitheoirí gur gá go gcuirfí ar an eolas níos mó iad faoin mbealach a bhí a bpáiste ag déanamh dul chun cinn i réimsí difriúla sa scoil ní hamháin sa litearthacht agus uimhríocht.

**Ról tuismitheoirí in oideachas bunscoile a bpáistí**

Mheas tuismitheoirí a ról féin ó thaobh a bheith ag tacú lena bpáistí agus le scoileanna le curaclam athfhorbartha. Mhothaigh siad gur chóir iad a spreagadh le cabhrú ar bhealaí níos praiticiúla, agus san áireamh sna samplaí bhí, *ag cabhrú le léamh nó sport – chun cuid den ualach ar mhúinteoirí a mhaolú.* Mhothaigh siad freisin, toisc go bhforbraítear an curaclam do mhúinteoirí, gur chóir go mbeadh ábhair in éineacht leo do thuismitheoirí, ag míniú an turais a dhéanfaidh a bpáiste.

# Conclúid

Cé gur tháinig roinnt téamaí buntábhachtacha chun cinn sna comhráití le tuismitheoirí, bhí roinnt teachtaireachtaí ann freisin nach raibh ag teacht le chéile. Mar shampla, bhí tuismitheoirí ag iarraidh fócais ar scileanna boga, ach mian á chur in iúl ag an am céanna acu go mbeadh fócas leanúnach ar an litearthacht agus uimhríocht. Mhothaigh tuismitheoirí cé go raibh an iomarca sa churaclam, nach raibh siad ag iarraidh go gcaillfí aon chuid den saibhreas a bhaineann le heispéireas foghlama reatha a bpáistí. Bhí siad ag iarraidh go mbeadh níos mó ama ag a bpáistí chun foghlaim ar bhealach ildisciplíneach ach bhí siad ag iarraidh fócas méadaithe a fheiceáil freisin ar an tsláinte is folláine agus litearthacht dhigiteach. Ní raibh mórán tuismitheoirí cleachta le struchtúr agus ábhar Churaclam na Bunscoile (1999) agus bhí iontas orthu faoi líon na n-ábhar agus an t-am a mholtar a chaitheamh orthu.

Rinneadh go leor tagairtí do na hathruithe atá ag teacht ar an tsochaí, ar gheilleagar na hÉireann agus do mhian tuismitheoirí aois na hóige a aithint agus a chosaint mar am suntasach ar leith.

Tá an tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht tuismitheoirí bunaithe agus seanbhunaithe agus is fíor gurb é ceann na prionsabail maidir le dea-chleachtas oideachasúil is coitianta daoine a bheith ar aon intinn ina leith. (Borgonovi agus Montt, 2012; Desforges agus Aboucaar, 2003). Tá an fhaisnéis atá ar fáil maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí i bhforbairt an churaclaim go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta réasúnta teoranta, ach an litríocht atá ann, tugtar le fios ann gur gnách go mothaíonn tuismitheoirí nach bhfuil go leor eolais acu maidir le hábhar agus córais churaclaim. Bíonn deiseanna le hidirghníomhú le tuismitheoirí faoin gcuraclam ar fáil ar leibhéal náisiúnta, trí mhúnla comhpháirtíochta na CNCM maidir le forbairt churaclaim, agus ar leibhéal áitiuil trí rannpháirtíocht tuismitheoirí le gnéithe éagsúla de *Aistear: The Early Childhood Curriculum Framework* (CNCM, 2009), an *Primary School Curriculum* (ROE, 1999) chomh maith leis an *Primary Language Curriculum*, *Curaclam Teanga na Bunscoile* (CNCM, 2015).

Is mian leis an CNCM buíochas a ghabháil leis na tuismitheoirí as freastal ar sheisiúin na ngrúpaí fócais, agus as a gcuid ama agus na peirspictíochtaí a thug siad go flaithiúil. Foilseofar dréacht-Chreat Churaclam na Bunscoile níos déanaí i mbliana agus déanfaidh sé an bonn le haghaidh comhairliúcháin fhorleathain in 2020. Soláthrófar deis eile leis seo do thuismitheoirí a gcuid smaointe maidir le curaclam athfhorbartha bunscoile a roinnt.

# Tagairtí


Bell, J. (2005). *Doing your research project: A guide for first-time researchers in education, health and social science.* An Ceathrú hEagrán. *Maiden-Head: McGraw-Hill Education*

Borgonovi, F. agus G. Montt (2012). *Parental Involvement in Selected PISA Countries and Economies*, Páipéir Oibre Oideachais an *OECD*, Uimh. 73. Páras, An Fhrainc: Foilsitheoireacht an *OECD*. Is féidir teacht ar ag http://dx.doi.org/10.1787/5k990rk0jsjj-en

Braun, V. agus Clarke, V. (2006). *'Using thematic analysis in psychology'*, Taighde Cáilithíoch sa tSíceolaíocht, Iml. 3, lch 77 – 101.

Bulmer, M. (2008). *'The ethics of social research'.* In N. Gilbert (eag.) *Researching Social Life.* Tríú heagrán. Londain: Sage, lch 45 – 47.

Cohen, L., Manion, L. agus Morrison, K. (2007). *Research methods in education.* Séú heagrán. Londain: RoutledgeFalmer.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (1999). *The Primary School Curriculum*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair

Miles, M. agus Huberman, A. M. (1994) (Dara hEagrán) *Qualitative Data Analysis: An Expanded Sourcebook.* Londain: Sage

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2009). *Aistear: The Early Childhood Curriculum Framework. Baile Átha Cliath*: CNCM.

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2015*). Primary Language Curriculum - Curaclam Teanga na Bunscoile*. Baile Átha Cliath: CNCM.

Ryan, A. B. (2006). *'Methodology: Analysing qualitative data and writing up your findings'*. In: M. Antonesa, H. Fallon, A. B. Ryan, A Ryan, T. Walsh agus L. Borys (eag.) *Researching and writing your thesis: A guide for post-graduate students,* lch 70 – 89. OÉ, Má Nuad: Oideachas Aosach agus Pobail Mhá Nuad.

# Aguisíní

## Aguisín  1: Cumarsáid tosaigh le scoileanna

**Litir don Phríomhoide**

primary developments
foráis sa bhunscolaíocht

A phríomhoide, a chara,

I mí Dheireadh Fómhair i mbliana, ba mhaith leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) bualadh agus labhairt go díreach le tuismitheoirí ó scoileanna a ghlacann páirt i bhFóram na Scoileanna,  agus an CNCM ag athbhreithniú agus ag athfhorbairt Churaclam na Bunscoile. Tá sé ríthábhachtach go gcloisimid dearcaí agus tuairimí tuismitheoirí, chomh maith le múinteoirí, faoin gcuraclam bunscoile a bheidh ann amach anseo.

Le cead na scoile, ba mhaith leis an CNCM cruinniú Grúpa Fócais do Thuismitheoirí a éascú i do scoil. Bheadh sé tábhachtach go dtabharfaí cuireadh do gach tuismitheoir freastal air chomh maith le, b’fhéidir, tuismitheoirí nach bhfuil páistí ar scoil acu fós ach a bheidh faoi cheann cúpla bliana. Déantar seo le cinntiú go mbeidh raon leathan guthanna tuismitheoirí san áireamh san aiseolas. Thabharfaí fógra do thuismitheoirí faoin gcruinniú ar an ngnáthbhealach a úsáideann gach scoil agus ba é an CNCM a d’éascódh an cruinniú. Níor cheart go mbeadh an cruinniú níos faide ná uair an chloig.  Beidh an fhaisnéis ar fad a bhaileofar gan ainm agus ní bheadh aon tuismitheoir nó scoil aonair inaitheanta.

Is féidir dáta agus am oiriúnach don chruinniú a chinneadh i gcomhairle le cathaoirleach chumann na dtuismitheoirí, leat féin agus an CNCM. Úsáidfear na ceisteanna seo a leanas chun an comhrá a threorú.

1. Céard ar mhaith leat go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile?

a. Cén scileanna ar mhaith leat go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo?

2. Conas ar mhaith leat go mbeadh páistí ag foghlaim? (Céard iad na bealaí foghlama is fearr do pháistí dar leat?)

3. Cén scileanna ar mhaith leat go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo

4. An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann atá iontach tábhachtach do pháistí i mblianta na bunscoile?

5. An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann nach bhfuil chomh tábhachtach a thuilleadh do pháistí is a bhí b’fhéidir ?

6. An bhfuil aon rud ann ar mhaith leat go dtabharfaí isteach sa churaclam nach bhfuil ann cheana féin?

7. An bhfuil aon rud eile ann ar mhaith leat a rá faoina bhfoghlaimaíonn páistí ar bunscoil?

Beidh na príomhthéamaí a thagann chun cinn as an aiseolas cabhrach leis an obair ar an gcuraclam a mhúnlú. Cuirfear é i láthair ag Seimineár Churaclam na CNCM an 29ú Samhain in *Ashling Hotel*, Baile Átha Cliath 8.

Bheadh sé ina chúnamh mór dá bpléifeá an fhéidearthacht ó thaobh an cruinniú seo a éascú le cathaoirleach Chumann na dTuismitheoirí agus dá bhféadfá cóip den litir atá i gceangal leis seo a sholáthar dóibh. Más féidir le do scoil glacadh leis an iarratas seo, seol ríomhphost chugam faoi Dé hAoine 21ú Meán Fómhair le moltaí maidir le dátaí agus amanna don chruinniú. Ná bíodh aon drogall ort dul i dteagmháil liom más mian leat aon rud a shoiléiriu.

Is mise le meas,

…………

Oifigeach Oideachais

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

**Litir do Chathaoirleach Chumann na dTuismitheoirí**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

A Chathaoirleach, a chara,

Tugann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le curaclam agus measúnacht don oideachas luathóige agus do bhunscoileanna is iar-bhunscoileanna. Mar chuid den obair seo, tá an Chomhairle ag obair le líonra scoileanna faoi láthair chun athbhreithniú agus athfhorbairt a dhéanamh ar an gcuraclam bunscoile. Tá scoil do pháiste ina chuid den líonra seo. Soláthraíonn an rannpháirtíocht seo deis thábhachtach do phobal na scoile áitiúla rannchuidiú leis an méid ar chóir do churaclam nua bunscoile a dhéanamh do pháistí agus dá dteaghlaigh dar leo sna blianta amach anseo.

I mí Dheireadh Fómhair i mbliana, tá súil ag an CNCM bualadh le tuismitheoirí pháistí reatha do scoile agus tuismitheoirí pháistí na scoile amach anseo chun foghlaim faoina gcuid dearcaí agus tuairimí maidir lenar mhaith leo go bhfoghlaimeodh a bpáistí sa bhunscoil agus faoi na heispéiris ar mhaith leo go mbeadh acu ann. Má aontaíonn do scoil leis an iarratas seo, éascóidh an CNCM an cruinniú neamhfhoirmiúil le tuismitheoirí agus ní mhairfidh sé thar uair an chloig. Déanfar taifead scríofa den chruinniú sa chaoi go nglacfar cuntas beacht ar ráitis daoine. Ní chlárófar ainm duine ar bith leis an bhfaisnéis a bhaileofar agus ní bheadh aon duine nó scoil aonair inaitheanta. Is féidir dáta agus am oiriúnach don chruinniú a chinneadh i gcomhairle le príomhoide na scoile, leat féin agus an CNCM.

Úsáidfear na ceisteanna seo a leanas chun an plé a threorú.

1. Céard ar mhaith leat go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile?

a. Cén scileanna ar mhaith leat go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo?

2. Conas ar mhaith leat go mbeadh páistí ag foghlaim? (Céard iad na bealaí foghlama is fearr do pháistí dar leat?)

3. Cén scileanna ar mhaith leat go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo?

4. An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann atá iontach tábhachtach do pháistí i mblianta na bunscoile?

5. An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann nach bhfuil chomh tábhachtach a thuilleadh do pháistí is a bhí b'fhéidir ?

6. An bhfuil aon rud ann ar mhaith leat go dtabharfaí isteach sa churaclam nach bhfuil ann cheana féin?

7. An bhfuil aon rud eile ann ar mhaith leat a rá faoina bhfoghlaimaíonn páistí ar bunscoil?

D'fhéadfadh sé a bheith cabhrach do thuismitheoirí má scaiptear ceisteanna orthu roimh ré, sa chaoi go mbeidh am acu le machnamh a dhéanamh ar a bhfreagraí. Más féidir leis an scoil glacadh leis an iarratas seo, táim ag tnúth go mór le comhoibriú agus bualadh leat amach anseo.

Is mise le meas,

………………………

Oifigeach Oideachais An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

# Aguisín 2: Foirm maidir le toiliu do ghrúpaí fócais na dtuismitheoirí

**Ag cloisteáil do dhearcaí maidir le *céard* agus *conas* a fhoghlaimíonn páistí ar an mbunscoil**

Tugann an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) comhairle don Aire Oideachais agus Scileanna maidir le curaclam agus measúnacht don oideachas luathóige agus do bhunscoileanna is iar-bhunscoileanna. Mar chuid de seo, tá an CNCM ag obair le scoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam bunscoile. Deis is ea é seo do mhúinteoirí, do thuismitheoirí / chaomhnóirí agus don phobal áitiúil a gcuid féin a rá faoi mhúinteoireacht agus fhoghlaim i mbunscoileanna as seo amach.

I gcomhpháirtíocht le scoil do pháiste, tá cruinniú á eagrú ag an CNCM ag _____________ ar _________pm. Beidh an cruinniú ag tarlú i _____________________ agus tabharfar deis duit, mar thuismitheoir, do chuid smaointe faoin gcuraclam bunscoile a roinnt. Úsáidfear na ceisteanna thíos chun an plé a threorú agus déanfar pointí buntábhachtacha a thaifeadadh i nótaí.

1. Céard ar mhaith leat go bhfoghlaimeodh páistí bunscoile?
2. Conas\ ar mhaith leat go mbeadh páistí ag foghlaim? (Céard iad na bealaí foghlama is fearr do pháistí dar leat?
3. Cén scileanna ar mhaith leat go bhforbródh páistí a bheadh tairbheach dóibh anois agus amach anseo?
4. An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann atá iontach tábhachtach do pháistí i mblianta na bunscoile?
5. An bhfuil ábhair / réimsí curaclaim ar leith ann nach bhfuil chomh tábhachtach a thuilleadh do pháistí is a bhí b'fhéidir ?
6. An bhfuil aon rud ann ar mhaith leat go dtabharfaí isteach sa churaclam nach bhfuil ann cheana féin?
7. An bhfuil aon rud eile ann ar mhaith leat a rá faoina bhfoghlaimaíonn páistí ar bunscoil?

Agus nótaí á scríobh faoin bplé, ní chuirfear aon tuairim nó aon bharúil síos do dhuine aonair. Úsáidfidh an CNCM pointí plé a dhéanfar a thaifeadadh ag an gcruinniú ina gcuid oibre curaclaim. Beidh tú saor chun éirí as a bheith ag glacadh páirte sa chruinniú ag am ar bith agus/nó iarraidh go míneofar ceist mura mbeidh tú cinnte céard is ciall leis.

Tá Foireann na CNCM ag tnúth le bualadh leat.

Is mise meas,

_________________________ Oifigeach Oideachais, CNCM

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**Toiliú le Rannpháirtíocht: Ag cloisteáil do dhearcaí maidir le *céard* agus *conas* a fhoghlaimíonn páistí ar an mbunscoil**

Tá an CNCM ag obair le scoileanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcuraclam bunscoile. Mar chuid de seo, tá an CNCM ag bualadh le tuismitheoirí / caomhnóirí chun a gcuid dearcaí maidir le *céard* agus *conas* ar chóir do pháistí foghlaim ar an mbunscoil as seo amach. Scríobhfar nótaí i rith an phlé agus ní chuirfear aon tuairim nó aon bharúil síos do dhuine aonair.

Tá cuireadh á thabhairt duit páirt a ghlacadh i bplé leis an CNCM.

……………………………………………………………………………………………………………………………

Tar éis duit an litir atá i gceangal leis seo a léamh, cuir tic sna boscaí ábhartha thíos.

| | |
|---|---|
| Táim sásta páirt a ghlacadh sa phlé, a ndéanfar pointí buntábhachtacha a thaifeadadh i nótaí lena linn go n-úsáidfidh an CNCM iad ina chuid oibre forbartha curaclaim. | ☐ Tá, táim sásta páirt a ghlacadh.<br>☐ Níl, nílim sásta páirt a ghlacadh. |
| Tuigim cuspóir an chruinnithe seo. | ☐ Tuigim cuspóir an chruinnithe seo<br>☐ Ní thuigim cuspóir an chruinnithe seo. |
| Toilím le mo ghrianghraf a bheith á ghlacadh i rith an chruinnithe agus a bheith á úsáid ag an CNCM ar na meáin shóisialta. | ☐ Toilím leis seo.<br>☐ Ní thoilím leis seo. |

Sínithe: ___________________________________ Dáta: ____________________

Go raibh maith agat as páirt a ghabháil san obair thábhachtach seo.

# Aguisín 3: Ionaid ghrúpaí fócais na dtuismitheoirí

Scoil Náisiúnta na Cúirte Mhuine Moling, Guaire, Loch Garman

Scoil Náisiúnta an Chraoslaigh, Dún na nGall

Pobalscoil Náisiunta na gCloch Liath, Na Clocha Liatha, Cill Mhantáin

Scoil an Fhraoich Mhóir, An Fraoch Mór, Port Laoise, Co. Laois

Scoil Náisiúnta na hInse, An Inse, Co. an Chláir

Pobalscoil Náisiúnta an Náis, An Nás Co. Chill Dara

Scoil Sóisearach an Bhaile Nua, Port Láirge

Scoil Náisiúnta Pharóiste Ráth Fearnáin, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath

Scoil Náisiúnta Ag Foghlaim Le Chéile Bhaile an Róistigh, Bhaile an Róistigh, Corcaigh

Scoil Náisiúnta Sóisearach Bhríde, Domhnach Míde, Baile Átha Cliath

Scoil Bhríde, Bun an Tábhairne, Corcaigh

Scoil Fhursa, Gaillimh

Scoil Mhuire agus Eoin, Baile na mBocht, Corcaigh

Scoil Mhuire Sinsearach, Baile an Bhlácaigh, Baile Átha Cliath

Scoil Ursula Naofa, Port Láirge

Scoil Náisiúnta Mhuire, Baile Átha Luain, an Iarmhí

Scoil Náisiúnta Mhuire na nOileán, Cathair Chorcaí

Scoil Speisialta Mhichíl Naofa, Ros Comáin

Scoil Etchen Naofa, Cionn Átha Gad, An Iarmhí

Bunscoil Iósaf, Baile Thiobraid Árann

Bunscoil Choill Naomh Chomáin, Ros Comáin

NCCA